Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla

Tá sé mar aidhm ag Coláiste na Rinne timpeallacht sábháilte, tarraingteach, a chur ar fáil do dhaltaí agus d'fhoireann an Cholásite agus sinn ag obair trí Mheán na Gaeilge. Tá sé mar aidhm **againn Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla** a bhunú leis an bplean seo a fhorbairt, a stiúr agus a chur i bhfeidhm.

Aidhmeanna an Phleain Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúil

(i) Is í an aidhm atá ag an bhFoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticúla ná a bheith in ann déileáil go tapa agus go héifeachtach má tharlaíonn eachtra.

(ii) Cuireann an plean ar chumas na foirne freagairt go héifeachtach is go pras do theagmas criticiúil agus a bheith múiníneach go bhfuil smacht acu ar chúrsaí dá bharr. Déanfar gach iarracht filleadh ar gnáth imeachtaí laethúla sa Choláiste athluaithe is féidir.

(iii) Féachaint chuige go gcuirtear na tacaíochtaí cuí ar fáil agus iad a thairiscint do dhalta(í) agus ba(i)ll foirne.

Sáinmhíniú ar Theagmhas Chriticúil

Aithníonn foireann agus Bainistíocht Coláiste na Rinne eachtra criticiúil **mar eachtra nó sraith eachtraí a bhíonn thar an gnáth nó tionchar ollmhór acu ar ghnáth shaol agus bainistíocht an Choláiste**.

D'fhéadfadh teaghmhas chriticiúil tharlú do dhálta nó do fhoireann an Choláiste, a dteaghlaigh nó ball den cheantar.

- Bás duine de phobal na scoile trí bhás tobann, trí timpiste, trí fhoréigean, trí féin mharú nó iarracht lámh a chur ina mbás féin nó bás gan choinne ar chúis éigin éile.
- Timpiste ag baint le dalta(í) nó ba(i)ll foirne an Choláiste.
- Timpiste nó tragóid sa cheantar maguaird.
- Ionsaí físiciúil ar dhalta(í) nó ar bhall / bhaill foirne nó briseadh isteach sa Choláiste.
- Dochar d'fhoirgneamh an Coláiste de bharr dóiteáin, tuilte, agus rl.
- Ball de phobal an Choláiste bheith ar iarraidh.
- Eachtra ar bith eile a mheastar bheith criticiúil.

Éiteas cúraim agus Tacaíochta a chruthú sa Choláiste

Déantar gach iarracht i gColáiste na Rinne cabhrú le páistí deileáil le réimse leathan imeachtaí a tharlaíonn sa saol mór chomh maith lenár n-aird a dhíriú ar shábhailte fhisiciúil agus síceolaíochta phobal an Choláiste.

Sábháltacht Fhisiciúil

- Tá na nithe seo leanas in áit againn:
- Druileanna dóiteáin ar bhonn rialta. Taifead déanta go rialta

- Plean éalaithe dréachta agus ar eolas ag pobal an Choláiste.
- Seiceáil rialta déanta ar bhealaí éalaithe múchtóirí tine, gléas rabhaidh tine go rialta
- Maoirseacht leanúnach ar na daltaí ar champus an Choláiste.
- Leabhar le síniú isteach / amach ag tuismitheoir / caomhnóir nuair a thógtar páiste ón gColáiste am ar bith. Tá an leabhar ar fáil in Oifig an Choláiste.
- Cloí le cód iompair an Choláiste lena chinntiú go bhfuil atmaisféar sábháilte taitneamhach ag na dáltaí i gcónaí.

Baineann bainistíocht agus foireann Coláiste na Rinne úsáid as raon leathan imeachtaí chun freastal ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta na daltaí, chun atmaisféar sabháilte agus daingean a chothú sa Choláiste agus chun deiseanna comhrá agus machnaimh a chur ar fáil.

- Tá sé fite fuaite fríd gach ghné de shaol an Choláiste.
- Tá foireann an Choláiste ar an eolas maidir le treorlínte agus nósanna imeachtaí an Pholasaí Um Chúmhdach leanaí.
- Tá gaol agus ceangal ag an gColáiste le eagraíochtaí m.sh. Garda Síochána/TUSLA, HSE.
- I gcás cuairteoirí a thagann go dtí an Choláiste, déantar cinnte go bhfuil an t-eolas agus modhanna cur i láthair ag tacú leis na gcritéir atá leagtha amach ó thaobh sábhailteachta na bpáistí.
- Tá polasaí bulaíochta sa Choláiste agus cloífear leis an bpolasaí i gcás eachtraí bulaíochta.
- I gcás páistí atá i mbaol cuirtear faoi bhráid an Bainisteoir Feidhme iad. Scrúdófar na nithe agus cuirtear cibé tacaíocht atá riachtanach ar fáil dóibh. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas agus is féidir comhairle nó tacaíocht seachtrach a fháil más gá.
- Cuirtear foireann an Choláiste ar an eolas maidir lena seirbhísí atá ar fáil ó ghníomhaireachta tacaíochta seachtaracha.

Foireann Bainistíochta do Theagmhas Chriticiúla

Tá foireann bhainistíochta (ainmneacha ar an leathanach dheireanach den bpolasaí seo) in áit de réir na dtreoirlínte leagtha síos ag an tSeirbhís Náistiúnta Síceolaíochta Oideachais. Tiocfaidh an fhoireann seo le chéile ar bhonn bliantúil le hathbhreithniú agus le h-uasdátú a dhéanamh. Tá fáil ag an bhfoireann bhainistíochta ar chóip de Bhainistíochta do Theagmais Chriticiúla.

Sa bhfillteán tá :

- Cóip den bhainistíocht do Theagmhais Chriticúla – agus na príomhchúraim.
- Liosta suas chun data d'uimhreacha teagmhála a choinneáil chomh maith le liosta de fhoirne agus a n-uimhreacha teaghmhála.
- Cóip de na dualgaisí atá ar gach ball fóirne.
- Liosta suas chun dáta de bhaill an Bhoird Bainistíochta agus a n-uimhreacha teagmhála.

- Plean gníomhaíochta.

Ról agus Cúram na Bainistíocht do Theagmhas Chriticiúla

- Ceannaire
- Riarthóir
- Teagmhálaí Garda, daltaí, tuismitheoir, an pobal, agus na meáin.

An Stiúrthóir

- Fíricí a dheimhniú ó dhream muiníneach/Garda Síochána
- Na baill a chur ar an eolas maidir leis an dteagmhas /eachtra a tharla agus cruinniú a eagrú
- Comhordnú a dhéanamh ar na dualgaisí atá ar gach ball den fhoireann
- Teagmháil a dhéanamh leis an gColáiste Bainistíochta, agus NEPS tríd an scoil.
- Teagmháil a dhéanamh leis an dteaghlach/ na teaghlaigh atá i gceist
- Glacfaidh an Bainisteoir Feidhme an ról sin mura bhfuil an Stiúrthóra ar ar fáil.

Teagmháil leis na Gardaí

- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-eolas fíos agus cruinn sula gcuirtear daoine eile ar an eolas maidir leis an eachtra.

Teagmháil le foireann an Choláiste

- An fhoireann a chur ar an eolas maidir leis an eachtra agus eolas ar bith eile atá riachtanach a chur ar fáil dóibh. Deis a thabhairt don fhoireann ceisteanna a chur agus treoir a thabhairt faoi leagan amach an lae ó lá go lá.
- Páistí atá i mbaol a chur in iúl don fhoireann
- Acmhainní ábharthacha a chur ar fáil don fhoireann (Fillteán ar Theaghmhais Chriticúil)
- Taifead a dhéanamh ar dhaltaí a fhaigheann cabhair ó gníomhaireachtaí seachtaracha
- Seomra ciúin a chur ar fáil agus duine bheith ar fáil le feitheoireacht a dhéanamh.

Teagmháil leis an bpobal / nó gníomhaireacht

- Liosta suas chun dáta de huimhreacha teagmhála a choinneáil – seirbhísí éigeandála, gníomhaireachtaí seachtaracha.
- Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí sa phobal maidir le tacaíocht agus comhairle a fháil
- Seiceáil a dhéanamh ar theistiméireacht aon duine nach bhfuil mar bhaill de fhoireann an Choláiste a bheadh ag tabhairt tacaíochta
- Comhordú a dhéanamh ar thacaíocht ó ghníomhaireachtaí seachtaracha
- Cinntiú go gcuireann baill de ghníomhaireachtaí seachtaracha iad féin in iúl le lipéidí /cártaí aitheantais.
- An fhoireann a chur ar an eolas maidir leis an gcabhair atá a chur ar fáil ag gníomhaireachtaí seachtaracha

Teagmhálaí na dTuismitheoirí

- Cuairt a thabhairt ar and teaghlach / na teaghlaigh atá gceist i gcuideachta an Stiurthóra
- Cruinnithe do thuismitheoirí a shocrú. Socrú ar an eolas atá le roinnt agus ar an mbealach is fear chun é a dhéanamh
- Seomra a chur ar fáil do chruinnithe
- Buail le tuismitheoirí aonaracha
- Taifead a choinneáil ar na cruinnithe seo
- Litreacha a cheapadh chun cúrsaí a mhíniú
- Eolas agus tacaíocht cuí a thabhairt do thuismitheoirí

Teagmhálaí na Meáin más gá nó má chinn an Coiste an Choláiste é.

- Ráiteas scríofa a ullmhú más gá ina mbeidh
- Fíricí amháin
- Céimeanna a glacadh go dtí seo
- Céimeanna a ghlacfar
- Eolas nó tuairimí dearfacha faoin té atá é gceist más gá
- Cinneadh a dhéanamh maidir leis na meáin ag an gColáiste, agallaimh le baill den fhoireann – daltaí agus cead scríofa faighte.
- Comhairle a fháil ó na céardchumainn

Riarthóir – Rúnaí an Choláiste

- Liosta suas chun dáta d'uimhreacha teagmhála
- Tuismitheoirí / caomhnóirí
- Foireann an Choláiste
- Seirbhísí Éigeandála
- Glaochanna gútháin a ghlacadh agus a nótáil
- Litreacha ríomhphoist a sheoladh
- Cóipeanna de cháipéis/páipéarachas riachtanach a chur ar fáil
- Taifead a choinneáil

Gníomhartha Gearrthéarmacha (an chéad lá):

- Baileofar eolas chruinn
- Déanfar teagmháil le gníomhaireachtaí cuí (Seirbhísí éigeandála agus leighis, NEPS, An Coiste Bainistíochta)
- Beidh cruinniú idir na príomh bhaill fóirne agus an fhoireann bhainistíochta do theagmhais chriticiúla
- Tionólfar cruinniú foirne • Eagrófar tráthchlár don lá • Coimeádfar imeachtaí an Choláiste ar nós lá ar bith eile chomh fada agus is féidir. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas.
- Cuirfear daltaí ar an eolas – i gcaoí tuisceanach.
- Déanfar teagmháil leis an dteaghlach

- Ullmhófar ráiteas scríofa: fíricí maidir leis an dteagmhas, na céimeanna atá tógtha go dtí seo, na céimeanna atá le tógáil, eolas dearfach faoin duine atá básaithe.
- Ainmneofar duine chun labhairt leis na meáin, más gá.
- Coinneófar daltaí óna meáin.
- Socrofar teacht le chéile daltaí lena dtuismitheoirí, más gá.

Teagmháil leis na gníomhaireachtaí ábharthacha:

- Séirbhísí Éigeandála: 999
- FSS Rannóg Síceolaíochta /H.S.E. Psychology Departments/ Community care services: 1850 241850
- NEPS: 01 8650921
- TUSLA: 01 7718500

Cruinniú den Fhoireann Teagmais Chriticiúil a ghairm – 08.00

- Eagraigh cruinniú foirne más féidir ar maidin
- Leag amach clár ama don lá ag cloígh le gnáth chlárama an Choláiste comh fada agus is féidir
- Eagraigh maoirseacht/ionadaíocht le freastail ar na bpáistí

Teagmháil leis an dTeaghlach maidir le socraithe sochraide /seirbhíse.

- An Stiúrthóir i dteagmháil leis an dteaghlach, comhbhrón a dhéanamh agus soiléiriú a fháil ar ról an Choláiste sa tséirbhís chuimhneacháin de réir mianta an teaghlaigh. (Más é do thoil é).

Gníomh Gearrthéarmach, taobh istigh de 24 uaire:

Eagraigh cuairt ar an dteaghlach ag beirt baill foirne más oiriúnach.

- Léirigh meas ar chultúr agus ar chreidimh.

Gníomh Meántéarmach, taobh istigh de 24-72 uaire

- Ullmhaigh daltaí / an fhoireann a bheidh ag freastal ar an sochraid /seirbhís
- Cuir deiseanna ar fáil ionas gur féidir le daltaí agus/nó an fhoireann iad féin a chur in iúl, e.g. cártaí comhbhróin, bláthanna, leabhar comhbhróin. Seirbhís/Aifreann sa Choláiste.

Seo leanas na gníomhartha meantéarmacha a leanfar:

- Déanfar athbhreithniú iomlán ar imeachtaí go dtí seo.
- Eagrófar tacaíocht do dhaltaí aonair, do ghrúpaí daltaí, de fhoireann an Choláiste agus do thuismitheoirí más gá,
- Déanfar plean chun daltaí a thógáil le chéile arís
- Tabharfar cuairt orthu siúd a gortaíodh
- Déanfar teagmháil leis an dteaghlach maidir le socraithe sochraide
- Déanfar cinntí faoi rannpháirtíocht Mhuintir an Choláiste sa tsochraid.

Athbhreithniú tar éis 24 uaire:

- Cruinniú a ghairm le baill foirne riachtanacha / foireann Bainistíocht do Theagmhais Chriticiúla Reconvene– 8.00am
- Déan cinneadh ar chruinnithe tacaíochta do thuismitheoirí/ daltaí/ an fhoireann
- Déan cinneadh ar an módh le haiseolas a fháil ón bhfoireann faoi dhaltaí leochaileacha.
- Déan athbhreithniú leis an bhfoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla – 15.00
- Déan teagmháil le baill foirne agus daltaí atá as láthair

Eagraigh tacaíocht do dhaltaí aonair, grúpa daltaí agus tuismitheoirí más gá.

- Gairm cruinniú tuismitheoirí / daltaí más gá le soiléiriú a dhéanamh ar an eachtra.
- Bainisteoirí Feidhme le labhairt le grúpa páistí, ag braith ar aois na bpáistí beidh eolas nach mbeidh le roinnt leo.
- Tabhair rogha do fhoireann an Choláiste gan bheith páirteach nó gan a bheith i láthair más toil leo sa chruinniú tacaíochta.
- Eagraigh seisiún comhairlúchán i gcomhair le gníomhairí seachtracha chun cruinnithe tacaíochta a chur ar fáil do dhaoine aonair, grúpaí (le cead tugtha ag tuismitheoirí).
- Pleanáil filleadh na páistí tar éis an eachtra - baill foirne e.g. duine a bhí asláthair, gortaithe de bharr, siblíní, gaolta srl Déanfaidh Teagmhálaí na nDaltaí an teagmháil seo nuair a fhilleann siad ar an gColáiste.
- Pleanáil cuairt ar aon duine gortaithe
- Teagmhálaí Teaghlaigh + an Bainisteoir Feidhme + an Stiúrthóir ar cuairt ar ospidéal / baile.
- Déanfar cinneadh faoi cé a bheadh ag freastail agus ag glacadh páirte sa seirbhís
- Déanfar é seo de réir mianta na dtuismitheoirí agus cinneadh an Choiste Bainistíochta agus dlúthchairde.

Gníomhaíochtaí Fadtéarmach:

- Monatóireacht a dhéanamh ar chomharthaí de bhrón / anró leanúnach ar dhaltaí
- Má leanann na comharthaí a léiríonn go bhfuil an dalta ag fulaingt thar tréimhse fada de bharr brón leanúnach d'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht ag teastáil uaidh/ uaithi ó Siceolaí/Comhairleoir. Iompar neamhghnáthach, meathlú go hacadúil, siomptóin fhisiciúla, e.g. meáchan a chaillúint / breise, cuma mhí-shlachtmhar, tuirse, gan smacht ar na mothúcháin, asláithreachas.

Déan athbhreithniú ar ghníomhú de réir dualgais agus leasaigh an Plean Bainistíocht do Theagmhais Chriticiúla dá réir:

1. Céard a d'oibrigh?
2. Cá raibh na bearnaí?
3. Céard is mó a thug cabhair/ lú a thug cabhair?
4. An bhfuil na tuairiscí riachtanacha chuig na seirbhísí tacaíochta ar fad déanta?
5. An bhfuil aon ghnó nach bhfuil críochnaithe?

- Cuireadh an Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla go foirmeálta os comhair an Choiste Bainistíochta in oiriúint don todhchaí
- Téigh i gcomhar leis an síceolaí NEPS
- Cuir plean athbhreithnithe in iúl don bhaill nua más gá. Cinntigh go dtuigeann baill nua an Choláiste polasaí agus na nósanna imeachta maidir leis.
- Cinntigh go dtuigeann siad cé hiad na daltaí a d'fhulaing de bharr agus an slí a d'fhulaing siad.
- Déan cinneadh ar an mbealach is fearr le lámhseáil a dhéanamh ar chomóradh agus laethanta specialta ar nó laethanta breithe, Lá na Máthar / Athar srl.
- Tabhair aitheantas do chomóradh leis an dteaghlach.
- Pleanáil seirbhís chuimhneachán e.g. crann a chur sa Choláiste
- Céard ba mhaith leis na tuisnitheoirí go ndéanfaí sa Choláiste.
- Déan úasdátú agus leasú ar chúntais an Choláiste agus coiméad go saibháilte iad.

Seo leanas na gníomhartha fadtéarmacha a leanfar:

- Déanfar monatóireacht i gcomhair leis and bhfoireann Chúraim ar dhaltaí chun comharthaí a aithint.
- Déanfar cinneadh ar bhealaí oiriúnacha chun deighleáil le himeachtaí an lae.

Rúndaíocht:

Tá dualgas ar an gCoiste Bainistaíochta príobháideachas agus dea-ainm na ndaoine bainteach leis an eachtra a chosaint. Beidh siad tuisceanach do iarbhartanna d'aon ráiteas poiblí a dhéanfar. Smaoineofar baill foirne ar seo agus daltaí freisin.

Acmhainní :

- "Young People and Loss, A Handbook for Schools" – Robin Cooper
- "Silver Linings: Community Crisis Response" - Rainbows
- "Responding to Critical Incidents – Resource Materials for Schools"-DES
- "Responding to Critical Incidents – Guidelines for Schools" – DES

Foireann Bainistíochta/Critical Incident Management Team Ceannaire/Team Leader:
Teagmhálaí Gardaí/Garda Liaison Role: Stiúrthóir
Teagmhála na Foirne/Staff Liaison Role: Bainisteoir(í) Feidhme – Leanne Sheridan.
Teagmhálaí an Phobal/Community Liaison Role: Bainisteoir(í) Feidhme - Liam Ó Raghallaigh
Teagmhálaí na Meáin/Media Liaison Role: Stiúrthóir
Teagmhálaí na dTuismitheoirí agus Daltaí/Parent and Student Liaison Role: Bainisteoir Feidhme – Sinéad Uí Chochláin.

Déanfar athnuachan ar an bpolasaí seo sa scoilbhliain 2023/2024

Sínithe: _____ *Síniú:* _____
(Cathaoirleach) *(Stiúrthóir)*

Dáta: 25/2/23 *Dáta:* 25/2/2023